AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 461 final

2026/0255 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le húdarú don Danmhairg leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] ('an Treoir maidir le CBL'), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú cánach breisluacha (CBL) a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Trí litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2026, d'iarr an Danmhairg an t-údarú chun leanúint de scéim ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir le húsáid phríobháideach feithiclí earraí éadroma a bhfuil uasmheáchan údaraithe foriomlán trí thona acu, atá cláraithe le haghaidh úsáid ghnó amháin, lena leathnaítear cur i bhfeidhm an bhirt speisialta arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle[2] lena maolaítear ar Airteagal 75 den Treoir maidir le CBL.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 24 Iúil 2026 maidir leis an iarraidh a rinne an Danmhairg. Thug an Coimisiún fógra don Danmhairg le litir dar dáta an 29 Iúil 2026 go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

D'fhonn bailiú CBL a shimpliú agus imghabháil cánach a chomhrac, d'iarr an Danmhairg in 2011 beart speisialta lena gceadófaí scéim ar ráta comhréidh a thabhairt isteach d'úsáid phríobháideach feithiclí earraí éadroma ag a bhfuil uasmheáchan údaraithe foriomlán trí thona agus atá cláraithe le haghaidh úsáid ghnó amháin. Formheasadh an iarraidh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/447/AE ón gComhairle an 24 Iúil 2012[3]. D'iarr an Danmhairg síneadh ar an mbeart speisialta sin ceithre huaire. Formheasadh an chéad síneadh, i bhfoirm maolú nua a bhí comhionann leis an gceann a chuaigh roimhe, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/992 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2015[4]. Le maolú nua eile, cuireadh síneadh arís leis an mbeart speisialta trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle an 19 Márta 2018. Ina dhiaidh sin, cuireadh síneadh leis an dara Cinneadh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2020/1088 ón gComhairle an 22 Iúil 2020[5] agus le

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle an 19 Márta 2018 lena n-údaraítear don Danmhairg beart speisialta a chur i bhfeidhm lena mhaolaítear ó Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 81, 23.3.2018, lgh. 13–14), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1088 ón gComhairle an 22 Iúil 2020 (IO L 239, 24.7.2020, lch. 14).

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 24 Iúil 2012 lena n-údaraítear don Danmhairg beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 202, 28.7.2012, lgh. 24-25).

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/992 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2015 lena n-údaraítear don Danmhairg beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 159, 25.6.2015, lch. 66).

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1088 ón gComhairle an 22 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 lena n-údaraítear don Danmhairg beart speisialta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ó Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 239, 24.7.2020, lch. 14).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2094 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2023[6]. Tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 le dul in éag an 31 Nollaig 2026.

Gan beart speisialta den sórt sin tugtar le tuiscint i reachtaíocht na Danmhairge gurb é an toradh a bheadh air dá mbainfí aon úsáid phríobháideach as feithicil den sórt sin atá cláraithe chun críoch gnó amháin, go gcaillfeadh an duine inchánach go hiomlán an ceart asbhainte CBL ar chostas ceannaigh na feithicle. Baineann an Danmhairg úsáid as foráil neamhghníomhaíochta faoi Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL maidir le hasbhaint CBL ar chostais cheannaigh agus costais reatha feithiclí earraí éadroma a bhfuil uasmheáchan údaraithe suas le trí thona acu. Má chláraíonn gnólacht feithicil earraí éadroma den sórt sin mar fheithicil chun críoch gnó amháin, beidh sé údaraithe an CBL ar cheannach na feithicle agus ar na costais reatha a asbhaint go hiomlán. Mar sin féin, ní údaraítear gnólacht a chláraíonn feithicil earraí éadroma mar fheithicil earraí éadroma le haghaidh úsáid ghnó agus úsáid phearsanta CBL a asbhaint ar an gcostas ceannaigh ach is féidir leis an CBL ar chostais reatha na feithicle a asbhaint go hiomlán.

Is féidir le córas na Danmhairge, mar a mhínítear é thuas, a bheith casta agus costasach le riaradh, don duine inchánach agus don riarachán cánach araon. Dá bhrí sin, d'iarr an Danmhairg leanúint de nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm mar a deonaíodh roimhe seo le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle, nós imeachta ar cuireadh síneadh lena bhailíocht an uair dheireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2094 ón gComhairle.

De réir Airteagal 75 den Treoir maidir le CBL, i gcás ina n-úsáidtear earraí atá ina gcuid de shócmhainní gnólachta chun críoch príobháideach, is é a bheidh sa mhéid inchánach a úsáidtear chun an CBL atá dlite a chinneadh an costas iomlán ar an duine inchánach as na seirbhísí a sholáthar. D'fhéadfadh duine inchánach an córas comhréidh a úsáidtear sa Danmhairg a úsáid ar feadh suas le 20 lá in aghaidh na bliana féilire. De bhun an chórais sin, íocann an duine inchánach táille in aghaidh an lae as úsáid phríobháideach a bhaint as an bhfeithicil. Is é DKK 40 an méid ráta comhréidh a bhíonn le híoc in aghaidh an lae chun an fheithicil a úsáid chun críoch príobháideach, agus ní chumhdaítear leis ach CBL. De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle, thíolaic an Danmhairg, in éineacht leis an iarraidh ar shíneadh, tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar an mbeart, agus go háirithe maidir leis an méid CBL a ríomh. Dearbhaítear leis an tuarascáil sin, ar bhonn na sonraí atá cothrom le dáta le haghaidh 2024, gurb é atá sa CBL measta iomlán in aghaidh an lae le haghaidh na húsáide príobháidí thart ar DKK 40,3, agus go bhfuil an méid inbhailithe CBL gan athrú dá bhrí sin ag DKK 40 in aghaidh an lae. Chinn Rialtas na Danmhairge an méid sin ar bhonn anailís ar staitisticí náisiúnta. Dá n-úsáidfeadh an duine inchánach an fheithicil chun críoch príobháideach ar feadh níos mó ná 20 lá i rith na bliana féilire, bheadh feidhm ag na rialacha maidir le neamhghníomhaíocht, agus chaillfeadh an duine inchánach an ceart ina iomláine chun costais cheannaigh na feithicle a asbhaint.

Tá córas leictreonach forbartha ag údaráis na Danmhairge trína bhféadfaidh daoine inchánacha an ráta comhréidh laethúil a íoc ar líne nó trí aip. Tráth na híocaíochta, faigheann an duine inchánach 'dearbhán lae' mar fhianaise dhoiciméadach gur íocadh an CBL. Measann na húdaráis go ndéanann an córas na hoibleagáidí cuntasaíochta a shimpliú do na daoine

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2094 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le húdarú don Danmhairg leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 241, 29.9.2023, lch. 121).

inchánacha agus go ndéanann sé simpliú ar dhualgas na n-údarás cánach an cháin a ghearradh agus a bhailiú.

Tá an nós imeachta simplithe roghnach. Dá bhrí sin, bheadh an duine inchánach fós in ann a fheithicil earraí éadroma a chlárú le haghaidh úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach araon má oireann sin dá chúinsí.

De réir údaráis na Danmhairge, mar a leagtar amach sa tuarascáil thuasluaite, d'oibrigh an nós imeachta simplithe go han-mhaith le blianta beaga anuas agus tá cúiseanna maithe ann le leanúint ar aghaidh le nós imeachta den sórt sin. Léirítear leis na sonraí a chuir an Danmhairg isteach gur díoladh 37 600, 38 800 agus 38 000 dearbhán lae in 2023, 2024 agus 2025 faoi seach ag DKK 225, arb é DKK 40 an chomhchuid cánach is ábhar don bheart sin. Cumhdaítear leis an gcuid eile muirear ar leithligh faoi reachtaíocht náisiúnta na Danmhairge. Dearbhaítear leis na sonraí sin gur ghlac líon mór cobhsaí daoine inchánacha leis an mbeart.

Dá bhrí sin, is iomchuí an Danmhairg a údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2029.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinnfidh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí sin, údaraítear do na Ballstáit na heisiaimh dá bhforáiltear faoina ndlíthe náisiúnta an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, tá roinnt forálacha 'neamhghníomhaíochta' a chuireann srian leis an gceart asbhainte i ndáil le carranna paisinéirí.

D'ainneoin tionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart asbhainte[7], is iomchuí beart speisialta den sórt sin sa tréimhse sula ndéanfar comhchuibhiú ar na rialacha sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an beart speisialta comhsheasmhach le cuspóir níos leithne an Aontais ualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, mar a shaothraítear faoi chlár oibre an Choimisiúin um rialáil níos fearr[8]. Trí scéim roghnach shimplithe a thairiscint chun an méid inchánach a ríomh maidir le húsáid phríobháideach ócáideach feithiclí gnó, laghdaítear leis an mbeart costais chomhlíontachta ar dhaoine inchánacha agus costais riaracháin ar údaráis chánach gan difear a dhéanamh do shláine fhoriomlán an chórais CBL.

Tá an beart comhsheasmhach freisin le hiarrachtaí an Aontais an bhearna CBL a laghdú agus imghabháil cánach a chomhrac, ós rud é go soláthraítear leis sásra simplí infhíoraithe le haghaidh daoine inchánacha chun cuntas a thabhairt ar an CBL atá dlite as úsáid phríobháideach ócáideach feithiclí gnó, rud a chuirtear in ionad riail lenar cruthaíodh dreasachtaí don neamhchomhlíonadh sa chleachtas.

---

7 COM (2004) 728 final - Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (IO C 24, 29.1.2005, lch. 10) a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153, 21. 5. 2014, lch. 3)

8 COM(2021) 219 final

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil sé bunaithe, tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an bhirt speisialta, tá sé comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. oibleagáidí CBL agus bailiú CBL a shimpliú, chomh maith leis an imghabháil cánach a chomhrac.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin é an ionstraim atá beartaithe.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar na rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin é an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* ná seiceáil oiriúnachta i ndáil leis an togra seo. Is maolú aonair é an beart ar an Treoir maidir le CBL atá dírithe ar Bhallstát aonair ar bhonn iarraidh uaidh féin agus ní píosa cothrománach reachtaíochta de chuid an Aontais é a d'fhéadfaí a chur faoi réir seiceáil oiriúnachta. Ina ionad sin, áirithítear an t-athbhreithniú ar an mbeart tríd an sásra clásail éagtha is cuid den Chinneadh údarúcháin féin, rud lena gcuirtear de cheangal ar an Danmhairg tuarascáil a chur isteach in éineacht le haon iarraidh ar shíneadh breise ar tuarascáil í lena n-athbhreithnítear an beart.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Danmhairg agus is leis an mBallstát áirithe sin amháin a bhaineann sé.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Dearadh an togra chun imghabháil CBL a chomhrac agus chun simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta um cháin a ghearradh agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar ghnólachtaí agus ar riaracháin araon. Tá an réiteach aitheanta ag an Danmhairg mar bheart oiriúnach. Chuir an Danmhairg an tuarascáil ar an athbhreithniú isteach agus dá réir sin, d'oibrigh an nós imeachta simplithe go han-mhaith le blianta beaga anuas agus tá cúiseanna maithe ann le leanúint ar aghaidh le nós imeachta den sórt sin.

De réir na sonraí a chuir an Danmhairg isteach, d'oibrigh an nós imeachta simplithe go han-mhaith le blianta beaga anuas. Dearbhaítear leis an líon dearbhán lae a díoladh gur ghlac líon maith cobhsaí daoine inchánacha leis an mbeart, agus tá cúiseanna maithe ann le leanúint ar aghaidh le nós imeachta den sórt sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is maolú aonair é an togra atá dírithe chuig Ballstát aonair ar bhonn iarraidh uaidh féin, agus tá a raon feidhme teoranta do chatagóir shonrach daoine inchánacha sa Danmhairg.

Ar an leibhéal náisiúnta, áfach, tá cuspóir simpliúcháin ag an mbeart. Tairgtear leis muirear laethúil ráta comhréidh mar rogha mhalartach ar ríomh coigeartúcháin CBL níos casta do dhaoine inchánacha a bhaineann úsáid phríobháideach ócáideach as feithicil earraí éadroma atá cláraithe le haghaidh gnó amháin, agus dá bhrí sin, laghdaítear a gcostais chomhlíontachta agus an t-ualach riaracháin ar údarás cánach na Danmhairge. Ós rud é go bhfuil an scéim roghnach, ní thabhaíonn aon duine inchánach aon oibleagáid bhreise mar thoradh ar an gCinneadh seo.

Is dócha go rachaidh an beart chun tairbhe go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do thrádálaithe aonair, a oibríonn feithiclí earraí éadroma den chineál sin de ghnáth agus a bhainfeadh an tairbhe is mó as nós imeachta simplithe cuntasaíochta.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá clásal éagtha sa togra; teorainn ama uathoibríoch atá socraithe ag an 31 Nollaig 2029.

I gcás ina measfadh an Danmhairg síneadh a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2029, ba cheart tuarascáil lena n-áirítear athbhreithniú ar an mbeart a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an iarraidh ar shíneadh tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2029.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1

Le hAirteagal 1, leasaítear Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle, ina bhfuil raon feidhme ama an údaraithe. Ionadaítear an dara agus an tríú mír d'Airteagal 3 chun síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an bhirt speisialta ón 31 Nollaig 2026 go dtí an 31 Nollaig 2029, agus chun sprioc-am nua a leagan síos arb é an 31 Márta 2029 faoinar gá don Danmhairg aon iarraidh bhreise ar shíneadh a chur isteach, agus tuarascáil lena ndéantar athbhreithniú ar an mbeart in éineacht léi. Is é sin an t-aon leasú substainteach a dhéantar ar Chinneadh (AE) 2018/485. Tá ábhar an bhirt mhaolaithe féin, mar a leagtar amach in Airteagal 1 agus Airteagal 2 den Chinneadh, gan athrú. Coinnítear ar bun go háirithe an méid ráta comhréidh DKK 40 in aghaidh an lae, an tairseach mheáchain feithicle trí thona, agus an t-uasmhéid 20 lá d'úsáid phríobháideach in aghaidh na bliana féilire.

Airteagal 2

Déantar foráil le hAirteagal 2 go ngabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh an dáta a thabharfar fógra ina leith don Danmhairg. Is é sin an fhoráil chaighdeánach maidir le teacht i bhfeidhm i gcás Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá dírithe chuig Ballstáit aonair faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL agus tá sé ag teacht leis an bhforáil choibhéiseach i ngach ceann de na Cinntí roimhe seo lena n-údaraítear an beart sin.

Airteagal 3

Sainaithnítear le hAirteagal 3 seolaí an Chinnidh mar Ríocht na Danmhairge, i gcomhréir le hAirteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL, lena gceanglaítear go ndíreofar maoluithe chuig an mBallstát sonrach a dhéanann an iarraidh.

2026/0255 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le húdarú don Danmhairg leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle[2], údaraíodh don Danmhairg beart speisialta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ó Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE (‘an beart speisialta’) chun scéim ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir le húsáid phríobháideach feithiclí earraí éadroma a bhfuil uasmheáchan údaraithe foriomlán trí thona acu agus atá cláraithe le haghaidh gnó amháin. Tá an beart speisialta a údaraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 le dul in éag an 31 Nollaig 2026.

(2) Trí bhíthin litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2026, d’iarr an Danmhairg údarú, i gcomhréir le hAirteagal 395(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2006/112/CE chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2026.

(3) Le litreacha dar dáta an 24 Iúil 2026, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Danmhairg isteach chuig na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE. Le litir dar dáta an 29 Iúil 2026, thug an Coimisiún fógra don Danmhairg go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Dá leanfaí den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, cheadófaí do dhaoine inchánacha a chláraigh feithicil amháin chun críoch gnó amháin an fheithicil a úsáid chun críoch príobháideach, agus méid inchánach an tsoláthair mheasta seirbhísí a ríomh de bhun Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE ar bhonn laethúil ráta comhréidh, seachas a gceart a chailleadh an CBL a thabhaítear ar chostas ceannaigh na feithicle a asbhaint.

(5) Ba cheart, áfach, an modh áirimh simplithe sin a theorannú do 20 lá úsáide chun críoch príobháideach do gach bliain féilire.

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 ón gComhairle an 19 Márta 2018 lena n-údaraítear don Danmhairg beart speisialta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ó Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 81, 23.3.2018, lch. 13, http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/485/oj).

(6) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg ar fáil ina hiarraidh, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. Chuir an Danmhairg tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht lena hiarraidh, ina n-athbhreithnítear an méid ráta comhréidh a bhíonn le híoc in aghaidh an lae chun úsáid phríobháideach a bhaint as feithicil atá cláraithe le haghaidh gnó amháin. Sa tuarascáil sin, dearbhaíonn an Danmhairg, ar bhonn sonraí atá cothrom le dáta le haghaidh 2024, gurb é atá sa CBL measta iomlán in aghaidh an lae le haghaidh na húsáide príobháidí thart ar DKK 40,3, agus go bhfuil an méid CBL a ghearrtar in aghaidh an lae gan athrú ag DKK 40 dá bhrí sin.

(7) Léiríonn an Danmhairg sa tuarascáil freisin gur oibrigh an beart speisialta go hanmhaith le blianta beaga anuas agus go léirítear leis na sonraí le haghaidh 2023, 2024 agus 2025 gur díoladh 37 600, 38 800 agus 38 000 dearbhán lae faoi seach, agus gurb é is aidhm don bheart speisialta simpliú a dhéanamh ar oibleagáidí CBL daoine inchánacha a bhaineann úsáid phríobháideach ócáideach as feithicil a cláraíodh le haghaidh gnó amháin, agus ar an gcaoi sin, simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta um CBL a bhailiú. Mar sin féin, d'fhéadfadh duine inchánach roghnú fós feithicil earraí éadroma a chlárú mar fheithicil a úsáidtear chun críoch gnó agus príobháideach araon. Agus é sin á dhéanamh aige, chaillfeadh an duine inchánach an ceart chun an CBL a thabhaítear ar chostas ceannaigh na feithicle a asbhaint go hiomlán ach ní bheadh air muirear laethúil a íoc as aon úsáid chun críoch príobháideach.

(8) Ní bhaineann údarú an bhirt speisialta an ceart chun an CBL ionchuir a asbhaint go iomlán ar CBL ionchuir é ar fheithicil atá cláraithe le haghaidh gnó amháin agus a bhaintear úsáid phríobháideach ócáideach as agus tá sé comhsheasmhach leis na rialacha ginearálta maidir le hasbhaint mar a leagtar amach i dTreoir 2006/112/CE iad.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur leis an síneadh sin chun é a chur ar a chumas don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht an bhirt speisialta. Dá bhrí sin, ba cheart údarú an bhirt speisialta a dhul in éag an 31 Nollaig 2029.

(10) I gcás ina n-iarrfaidh an Danmhairg síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2029, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht lena hiarraidh ar shíneadh faoin 31 Márta 2029.

(11) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg ar fáil ina hiarraidh, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag cur i bhfeidhm an bhirt speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an Danmhairg ag céim an tomhaltais deiridh agus ní dhéanfaidh sé dochar d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/485, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír:

'Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2029.

Cuirfear aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2029 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina mbeidh athbhreithniú ar an mbeart.'.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra ina leith.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán